# Glór Cheatharlach

Ag Rith ar son na Gaeilge

## RITH ar son na Gaeilge

Bhí Eoghan Mac Diarmada ón gclár RTÉ The Voice of Ireland agus Sinéad Ní Loideáin ó TG4 i láthair leis na sonraí a fhógairt faoi Rith 2012 - rith sealaíochta 700 km a gcuirfear tús leis i nGaoth Dobhair i gCo. Dhún na nGall ar 8 Márta agus a chríochnóidh in Inis Mór i gCo. na Gaillimhe ar Lá Fhéile Pádraig. Beidh na mílte duine ag rith "ar son na Gaeilge" nuair a bheidh baitín atá deartha go speisialta don ócáid ag athrú láimhe idir dhaoine agus pobail don rith ar fad. Beidh teachtaireacht sa bhaitín seo a nochtfar in Inis Mór ag an deireadh den Rith.

Ghlac 20,000 duine páirt sa chéad Rith a reáchtáladh in Éirinn in 2010 agus socraíodh mar sin ar Rith a eagrú arís i mbliana. Tá sé i gceist go mbeidh an rás i bhfad níos mó agus ag an am céanna déanfar airgead a bhailiú chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc pobal ar fud na hÉireann.

Mar thoradh ar Rith tugtar pobail le chéile fud fad na tíre ar mian leo tacaíocht agus dea-thoil a léiriú le linn Sheachtain na Gaeilge. Iarrtar ar dhaoine clárú anois, teacht amach agus páirt a ghlacadh ann.

D'fhéadfadh daoine a gcuid tacaíochta a léiriú trí pháirt a ghlacadh sa rith agus ciliméadar a cheannach ar líne. Déantar na brabúis uile a athinfheistiú ins na pobail áitiúla le tacú leis an nGaeilge ag an leibhéal áitiúil.Tugtar cuireadh do scoileanna, grúpaí pobail, clubanna spóirt agus daoine aonair ciliméadar a cheannach nó páirt a ghlacadh in aon chuid den chúrsa 700 km. Cuirfear tús le RITH i gCeatharlach ar an gCéadaoin, 14 Márta ag 10.00r.n. ag Gaelscoil Cheatharlach agus déanfaidh sé a shlí ag dul thar bhráid na scoileanna uile go lár an bhaile tríd Easca, Bóthar Phollerton, Bóthar an Stáisiúin, Seanbhóthar Átha Cliath, an Ceathrú Chultúir go Sráid an Tulaigh. Ar aghaidh go Gráig Uí Chuilinn ansin agus amach go Bóthar Phortlaoise.

Is féidir le haon duine rith ar aon chuid den chúrsa. Ní gá do dhuine aonair clárú, ach tá rogha ann do chiliméadar féin a cheannach, agus leis an rogha seo rithfidh tú le do ghrúpa cairde chun tosaigh le duine amháin ag iompar an bhaitín. Má tá grúpa nó scoil ag iarraidh páirt a ghlacadh sa Rith, seilbh a ghlacadh ar an mbaitín agus rith chun tosaigh, is féidir leo é seo a dhéanamh ach ciliméadar a cheannach.

Is slí nua é Rith 2012 chun teanga agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh go feiceálach i bpobail ar fud na hÉireann agus airgead á bhailiú d'fhorbairt na Gaeilge ag an am céanna.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| sonraí | details |
| baitín | baton |
| ócáid | occasion |
| teachtaireacht | message |
| tacaíocht | support |
| clárú | register |
| rogha | choice |
| forbairt | developments |

Tá an t-eolas ar fad atá ag teastáil ar fáil ar www.rith.ie . Tá áthas an domhain ar Ghlór Cheatharlach go mbeidh RITH 2012 ag teacht trí Cheatharlach. Mar sin, ceannaigh ciliméadar, tacaigh leis an nGaeilge agus bí linn. Gach eolas ar fáil ón oifig ag 059 9158105, 085 1340047.

## SULT

Cuirfear céad míle fáilte roimh chách chuig SULT, oíche shóisialta trí Ghaeilge ar an Déardaoin, 23 Feabhra i dTeach Dolmain, Ceatharlach. Tagann daoine le chéile ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. i dTeach Dolmain chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Is deis iontach í seo do dhaoine gur mhian leo an Ghaeilge a labhairt go sóisialta agus bualadh le cainteoirí Gaeilge eile. Bailíonn SULT le chéile ag an mbord Gaeilge díreach taobh istigh den doras tosaigh i dTeach Dolmain. Cuirtear fáilte faoi leith roimh fhoghlaimeoirí agus tugtar deis dóibh an teanga a chleachtadh i suíomh taitneamhach, nádúrtha. Mar sin bígí linn ar an Déardaoin seo agus ar an Déardaoin deireannach de gach mí.

# Rásaí na Gaillimhe ar ais ar TG4!

Tá sraith nua de Rásaí na Gaillimhe ar ais ar TG4. Deimhníonn na carachtair agus na heachtraí sa tsraithdhráma seo go bhfuil bunús maith leis na finscéalta ar fad a chloistear faoi imeachtaí na Féile Rásaíochta gach Samhradh. Bailíonn an uile chineál duine ag na Rásaí, idir pholaiteoirí gan scrupall, mharcaigh chumasacha, gheallghlacadóirí gan náire agus thraenálaithe tarcaisneacha.

Thuill an chéad sraith den dráma, i bhFómhar 2009, moladh mór, duais aitheanta IFTA agus lucht féachana ollmhór do TG4. Tabharfaidh an tsraith nua suas chun dáta muid i saol Ultan Keane (Don Wycherley), polaiteoir a bhí tráth ina Aire Rialtais ach atá anois, mar a deirtear i saol na rásaíochta, tite go mór chun deiridh. Tá fonn díoltais air agus é ag brath go mór i gcónaí ar a chúntóir dílis, Creed (Tom Ó Súilleabháin) chun é a thabhairt slán. Mar bharr ar an mí-ádh, tá na deartháracha achrannacha De Barra saortha as an ngéibheann. Idir sin agus eile, beidh neart le déanamh ag Siobhán, (Carrie Crowley), an Garda atá ag iarraidh a chinntiú nach sáraítear aon dlí.

Rásaí na Gaillimhe 2 ar TG4

Ar nós na féile féin, tá greann, gruaim agus gnéas sa tsraith nua seo Rásaí na Gaillimhe 2 agus foireann aisteoirí den scoth freisin ina measc Don Wycherley, Tom Ó Súilleabháin, Carrie Crowley,Eamonn Hunt, Pádraic Ó Tuairisc, Sorcha Ní Chéide agus Bríd Ní Neachtain.

Craoltar Rásaí na Gaillimhe 2 ar TG4 gach Céadaoin ag 9.30i.n. agus bíonn athchraoladh gach Satharn ag 9.20i.n.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| sraith | series |
| eachtraí | adventures |
| geallghlacadóirí | bookies |
| lucht féachana | audience |
| fonn díoltais | revenge |
| aisteoirí | actors |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
Sráid an Choláiste, Ceatharlach (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

# Draughts teams win gold medals

## Clonmore

STASIA DOYLE
TEL: 059 6471459

WELL DONE to the under-10s, 12s and 14s draughts teams who took part from Clonmore and Hacketstown in the gold county final recently. They now go on to the Leinster final. They are wished the very best of luck.

**MIDLANDS GOT TALENT**
Best of luck to Caoimhe Byrne and Niall McCarney, who represented Hacketstown and Tinahely in the Credit Union's "Midlands Got Talent" in the Moat Threatre on Saturday 11 February.

**CONGRATULATIONS**
Well done to Crossbridge national school, which won both categories in the annual Credit Union schools quiz and now go on to the next stage of the competition.

**FESTIVAL**
The brochure for Éigse Carlow Arts Festival is currently being complied and insertions are being accepted for the local culture section. If you or your group are involved in a performance or exhibition over between 8-17 June, please contact the festival office on 059 9140491 or email info@eigsecarlow.ie for an application form.

**DAY OF PRAYER**
For healing in Emmanuel house in providence Clonfert on Saturday the 25th of February. Bus departs at the square in Baltinglass at 7.30am sharp via Tullow and Carlow. Bring a packed lunch. Phone Lily for more information on 087 2245193

**PARISH BINGO**
Bingo takes place every Sunday night in St Mary's Hall' Ballyconneel at 8pm. The snowball is €740, check on 50 numbers or less.
Check on a full house on number 13 and win €60. Check on a full house on number five and win €60.

**TABLE QUIZ**
The parents of Ballyconnell School Association are holding a quiz in aid of Ballyconnell school in the Crablane pub on Friday night, 2 March at 9pm. Good support would be appreciated.

**WHIST DRIVE**
The Church of Ireland committee will hold a big whist drive in the new hall in Kiltegan on 21 March at 8.30pm.